Ceanglais Dhlíthúla & Rialála eile

An Foras Pátrúnachta

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

Ceanglais Dhlíthúla & Rialála eile

1. Cuspóir

Is é cuspóir an bheartais seo ceanglais dhlíthúla An Foras Pátrúnachta (AFP) a shainaithint, a thaifeadadh agus a bhainistiú go héifeachtach chun an eagraíocht a chosaint.

Ní mór do gach carthanas cloí leis na ceanglais dhlíthiúla agus rialála a bhfuil feidhm acu maidir leis an obair a dhéanann siad. Tá freagracht ann ar iontaobhaithe carthanais a dhéanamh amach cé na dlíthe agus na ceanglais rialála a bhfuil feidhm acu maidir lena gcarthanas agus a chinntiú go gcomhlíonfaidh a gcarthanas iad.

2. Reachtaíocht

Aithnítear ceanglais na heagraíochta sna réimsí reachtaíochta seo a leanas:

Sláinte & Sábháilteacht

Déanfaidh na hiontaobhaithe carthanais deimhin de go gcomhlíonann an carthanas an reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta. Tá dualgas ginearálta ar iontaobhaithe carthanais a chinntiú go bhfuil timpeallacht shláintiúil shábháilte ann d'fhostaithe.

Leanaí & Daoine Soghonta

Is ann do roinnt píosaí reachtaíochta ar féidir go mbeidh ar iontaobhaithe carthanais iad a bhreithniú, lena n-áirítear:

- an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015; agus
- na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016;

Is gá baill foirne AFP a phróiseáil faoi Ríomhfhiosrú na nGardaí mar go mbeidh gach ball foirne ag obair le daoine óga ó am go ham.

An Dlí Comhionannais

Ní dhéanfaidh idirdhealú in aghaidh daoine a idirghníomhaíonn leis an eagraíocht, fostaithe ina measc. Is ann do naoi bhforas idirdhealúcháin, atá mar seo a leanas:

- Inscne;
- Stádas sibhialta;
- Stádas teaghlaigh;
- Claonadh gnéasach;
- Reiligiún;
- Aois;
- Míchumas;
- Cine;
- Ballraíocht den Lucht Siúil.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Tugadh an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, isteach chun cosaint a thabhairt d'oibrithe a tharraingíonn ábhair imní anuas faoi éagóiritheoireacht fhéideartha san áit oibre. Tugtar an reachtaíocht sceithire ar an Acht sin ó am go chéile.

Ceanglais Dhlíthúla & Rialála eile

Cosaint Sonraí

Is gá bheith ar an eolas faoi na hoibleagáidí faoin dlí um chosaint sonraí agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí go háirithe. Baineann sé sin lena dhéanamh amach cé na sonraí pearsanta a choimeádann an carthanas agus cén fáth. Tá polasaí cuimsitheach ullmhaithe ag AFP ar an ábhar seo agus tá sé foilsithe ar shuíomh idirlín na heagraíochta.

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

Má tá AFP ag déanamh cumarsáide le hoifigigh phoiblí ainmnithe, m.sh. TDanna agus Seanadóirí, ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcarthanas is féidir gur gá do AFP clárú ar www.lobbying.ie

Na Coimisinéirí Ioncaim

Déanfaidh AFP Cáin Ioncaim a íoc faoin gcóras Íoc mar a Thuillir (ÍMAT).

An Dlí Fostaíochta

Ní mór do AFP an dlí fostaíochta a chomhlíonadh, lena n-áirítear dlíthe a bhaineann le rochtain a thabhairt ar Chuntas Coigiltis Scoir Pearsanta. Tá polasaí cuimsitheach AFP ar an ábhar seo agus tá sé foilsithe ar shuíomh idirlín na heagraíochta.

Acht na gCuideachtaí, 2014

Ní mór don eagraíocht Acht na gCuideachtaí, 2014, a chomhlíonadh. Áirítear leis sin na freagrachtaí dlíthiúla atá ar na Stiúrthóirí agus ar Rúnaí na Cuideachta.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Tugtar le fios, ar mhaithe le soiléireachta, nach dtagann AFP faoi scáth an Achta seo.

3. Deontais & Conarthaí

Déanfaidh na téarmaí agus na coinníollacha a ghabhann le deontais agus/nó le conarthaí a sheiceáil ar bhonn rialta. Is féidir go mbeidh siad sin ina gceangal dlí.

4. Polasaithe AFP

Rinne AFP polasaithe a ullmhú chun tacú le comhlíonadh reachtaíochta agus na gceanglas rialála is infheidhme m.sh. Earcaíocht Fostaithe, Cosaint Sonraí &rl.. Déanfaidh polasaithe na heagraíochta a athbhreithniú ar bhonn tréimhsiúil, go háirithe tar éis athruithe a dhéanamh ar an reachtaíocht.

5. Athbhreithniú

Déanfaidh an bord iontaobhaithe carthanais an beartas seo a athbhreithniú gach trí bliana nó de réir mar is cuí. Tá Ard-Rúnaí na heagraíochta freagrach as a chinntiú go gcuirfear an beartas seo chun feidhme go héifeachtach. Táthar ag súil leis go n-éascóidh gach ball foirne agus oibrí deonach eile, lena n-áirítear iontaobhaithe carthanais, an próiseas cur chun feidhme.

Glacadh leis an bpolasaí seo ag cruinniú den Bhord Stiúrtha 15.01.24